2025/1512

24.7.2025

CINNEADH (AE) 2025/1512 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 16 Iúil 2025

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1743 maidir le luach saothair sealúchas cúlchistí barrachais agus taiscí áirithe (BCE/2019/31) agus Cinneadh (AE) 2024/1209 maidir le luach saothair taiscí beartais neamhairgeadaíochta áirithe arna sealbhú le bainc cheannais náisiúnta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11)*(BCE/2025/23)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1 agus Airteagail 17 agus 18 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaíodh an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin ('an Sásra') agus cuireadh cúnamh macrairgeadais eisceachtúil ar fáil don Úcráin i bhfoirm iasachta ('Iasacht MFA') d'fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais mhaoiniúcháin a chumhdach. ([1]) Is é is cuspóir don Sásra tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a sholáthar don Úcráin chun cabhrú leis an Úcráin an Iasacht MFA a aisíoc, chomh maith le hiasachtaí déthaobhacha incháilithe arna soláthar ag iasachtóirí déthaobhacha ag gníomhú dóibh faoi choimirce thionscnamh G7 'Iasachtaí Luasghéaraithe Ioncaim Urghnácha don Úcráin', dá dtagraítear in aithris 15 de Rialachán (AE) 2024/2773. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, gheobhaidh an Sásra acmhainní a chuirfear ar fáil mar a shonraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/2773, lena n-áirítear sreafaí de na brabúis urghnácha a eascraíonn as sócmhainní blocáilte na Rúise, agus eisíocfar iad ar bhonn rialta leis an Úcráin chun príomhshuim, ús agus aon chostas gaolmhar eile a bhaineann leis an Iasacht MFA agus iasachtaí déthaobhacha incháilithe a chumhdach.

(2) Chomhaontaigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) gníomhú mar ghníomhaire fioscach chun seirbhísí cuntas airgid a sholáthar trí chuntas a choinnítear le BCE a oscailt chun méideanna a leithdháiltear ar an Sásra a fháil, a shealbhú agus a dhéanamh de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/2773, chun críoch Airteagal 5(1), pointe (a), den Rialachán sin, agus faoi réir fhorálacha Airteagal 8(4) de.

(3) Is iomchuí go n-íocfaí an cuntas ábhartha a choinnítear le BCE ar bhonn na rialacha agus na bhforálacha a leagtar síos i gCinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/31) ([2]) agus i gCinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) ([3]).

(4) D'iarr an Coimisiún Eorpach, i gcomhthéacs a fheidhmeanna faoi Rialachán (AE) 2024/2773, go mbeadh an cuntas a choimeádtar le BCE ag feidhmiú an 1 Lúnasa 2025. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta sin.

(5) Dá bhrí sin, tá Cinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31) agus Cinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) a leasú dá réir,

([1]) Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/1743 ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sealúchais cúlchistí farasbairr agus taiscí áirithe a íoc (BCE/2019/31) (IO L 267, 21.10.2019, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1743/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2024 maidir le luach saothair taiscí beartais neamhairgeadaíochta arna sealbhú le bainc cheannais náisiúnta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) (IO L, 2024/1290, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Chinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31)

In Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2019/1743 (BCE/2019/31), cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. Cuirfidh BCE an ráta luacha saothair mar a leagtar amach in Airteagal 2(4), pointe (d), de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11) i bhfeidhm maidir leis an gcuntas tiomnaithe a choimeádtar le BCE chun méideanna a leithdháiltear ar an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin a fháil, a shealbhú agus a dhéanamh — arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) — de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin, chun críoch Airteagal 5(1), pointe (a) de, agus faoi réir fhorálacha Airteagal 8(4) de.

(*) Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj).’.

Airteagal 2

Leasú ar Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11)

In Airteagal 2, mír 4, de Chinneadh (AE) 2024/1209 (BCE/2024/11), cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

‘(d) i gcás an chuntais thiomnaithe a choimeádtar le BCE chun méideanna a fháil, a shealbhú agus a dhéanamh, ar méideanna iad a leithdháiltear ar an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin — a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) — de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin, chun críoch Airteagal 5(1), pointe (a), de, agus faoi réir fhorálacha Airteagal 8(4) de: €STR lúide 20 bonnphointe.

(*) Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj’).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 1 Lúnasa 2025.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 16 Iúil 2025.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE